Na naíonáin bheaga agus mhóra 1

Tugtar achoimre thíos ar fhoghlaim an linbh sna **naíonáin bheaga agus mhóra** i 6 réimse an churaclaim, mar aon le roinnt moltaí maidir le conas is féidir leat tacú le foghlaim an linbh sa bhaile.

TEANGA

Is trí theanga a fhoghlaimíonn an leanbh conas cumarsáid a dhéanamh – trí Bhéarla agus trí Ghaeilge araon. Foghlaimíonn an leanbh conas éisteacht, labhairt agus léamh sa dá theanga. Is bunús maith iad na scileanna teanga seo chun teangacha eile a fhoghlaim agus tá tábhacht ag baint leo ó thaobh foghlama i réimsí eile den churaclam.

Bíonn béim sa Churaclam Teanga sna naíonáin bheaga agus mhóra **ar scileanna éisteachta agus labhartha a fhorbairt mar ullmhúchán don léitheoireacht agus don scríbhneoireacht.** Le cabhair gníomhaíochtaí éisteachta agus labhartha, foghlaimíonn na leanaí focail nua, agus foghlaimíonn siad conas smaoineamh agus labhairt faoina gcuid tuairimí agus mothúchán. Foghlaimíonn siad freisin conas éisteacht le tuairimí agus mothúcháin daoine eile.

Tugann leanaí aird níos fearr ar litreacha agus ar fhocail nuair a fheiceann siad iad scríofa thart timpeall orthu, mar shampla, ar bhallaí an tseomra ranga agus sa leabharlann ranga. Is breá leis na leanaí bheith ag éisteacht le scéalta agus scéalta a chumadh leis na leabhair mhóra (leabhair ina bhfuil téacs agus pictiúir mhóra). Tugann sé seo an deis dóibh labhairt faoin bpictiúr, an scéal a phlé, ceisteanna a chur nó a fhreagairt. Ó na gníomhaíochtaí luatha seo, **foghlaimíonn an leanbh teachtaireachtaí tábhachtacha mar gheall ar an léitheoireacht agus an scríbhneoireacht;** mar shampla, go dtéann an cló ó dheis go clé, go bhfuil brí leis agus go gcabhraíonn na pictiúir chun an scéal a insint. Foghlaimíonn na leanaí freisin go bhfuil fuaimeanna éagsúla ag litreacha éagsúla trí chluichí ríme le focail a imirt agus tríd a scileanna éisteachta a úsáid chun fuaimeanna difriúla a chloisteáil sna focail. Cabhraíonn na **marcanna a dhéanann,** an leanbh, i.e., scriobláil, tarraingt, agus péinteáil le péint, criáin, pinn luaidhe, pinn agus cailc, **chun tús a chur leis an scríbhneoireacht agus an léitheoireacht.**

Tosóidh an leanbh ar leabhair ghrádaithe a léamh, a roghnóidh sí/sé leis an múinteoir, foghlaimeoidh sé/sí conas na litreacha a dhéanamh i gceart agus déanfaidh sé/sí píosaí beaga scríbhneoireachta nuair a bheidh sé/sí réidh chuige sin. **Má fhantar go dtí go mbíonn an leanbh ullamh, beidh an léitheoireacht agus scríbhneoireachta níos fusa dó/di ón tús.** Ar an lámh eile, má thosaíonn an leanbh ag léamh sula mbíonn sé/sí ullamh, b'fhéidir nach n-éireoidh chomh maith sin leis/léi.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí

- amhráin agus rainn do leanaí agus rainn chomhairimh sa dá theanga atá á bhfoghlaim ag an leanbh ar scoil a rá in éineacht leis/léi. Iarr air/uirthi iad a mhúineadh duitse. Is breá le leanaí rainn ghnímh agus cabhraigh leis an leanbh mar sin gníomhartha a dhéanamh suas a thagann leis na focail, nó iarr ar an leanbh na gníomhartha atá foghlamtha aige/aici a thaispeáint duit.
- an leanbh a thabhairt chuig an leabharlann agus leabhair a roinnt leis/léi, mar shampla, iarr air/uirthi iarracht a dhéanamh an scéal a oibriú amach ón bpictiúr atá ar an gclúdach tosaigh.
- éisteacht leis an leanbh agus labhairt leis/léi, agus é/í a spreagadh chun a thuilleadh a insint duit faoi na rudaí a gcuireann sé/sí suim iontu, mar shampla, ceisteanna a chur air/uirthi faoi imeachtaí clár teilifíse nó cé hé/hí an carachtar is fearr leis/léi agus cad ina thaobh.

Faisnéis do thuismitheoirí

Na naíonáin bheaga agus mhóra 2

MATAMAITIC

Cabhraíonn an Curaclam Matamaitice leis an leanbh foghlaim conas fadhbanna a thuiscint agus a réiteach. Bíonn an leanbh gnóthach le gníomhaíochtaí luatha matamaitice cosúil le sórtáil, meaitseáil, comparáid a dhéanamh idir rudaí agus iad a chur in ord ar leith. Mar shampla, b'fhéidir go bhfeicfidh tú an leanbh ag eagrú bréagán i línte ar an urlár, nó ag eagrú bréagán i ngrúpaí de réir cineálacha, dathanna nó méideanna éagsúla. Is bunús maith don leanbh iad na gníomhaíochtaí seo ó thaobh na foghlama sna réimsí seo a leanas:

- Uimhreacha (comhaireamh, comparáid, agus ordú san áireamh)
- Ailgéabar (pátrúin dhatha, chrutha agus mhéide, agus uimhreacha a chóipeáil ag baint úsáide as cloichíní nó bloic nó trí líníocht agus dathú, mar shampla, 2 cheann ghorma, ceann amháin dearg, agus bheith ag cur leis na pátrúin seo)
- Tomhas (ag obair le fad, meáchan, toilleadh, am agus airgead)
- Cruth agus spás (ag obair le cruthanna déthoiseacha agus tríthoiseacha)
- Sonraí (rudaí a shórtáil agus cairteacha agus graif a dhéanamh agus a thuiscint).

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- iarraidh ar an leanbh cabhrú leat le gníomhaíochtaí sórtála agus meaitseála sa bhaile, mar shampla, bréagáin a chur isteach sna boscaí cearta, an níochán a shórtáil i mbearta ar nós na tuáillí ar fad nó na héadaí bána ar fad a chur le chéile, na stocaí a mheaitseáil nuair atá na héadaí á gcur uait, nó cabhair a thabhairt an siopadóireacht a chur sna cófraí cearta. Labhair le do leanbh agus sibh ag déanamh na rudaí seo le chéile agus iarr air/uirthi cá bhfios di/dó go dtéann rudaí áirithe le chéile nó gur cheart do rudaí dul in áiteanna ar leith

- rainn chomhairimh agus amhráin a mhúineadh don leanbh agus gníomhartha a thagann leis na focail a dhéanamh suas le chéile. Féadfaidh do leanbh freisin rogha de shean-rainn chomhairimh a fhoghlaim ó shean-tuismitheoirí agus ó ghaolta eile. Is breá le leanaí a leithéid de rainn chomhairimh agus *One, two, buckle my shoe, This old man* or *A haon, a dó, a trí, lucha beaga buí.*

OIDEACHAS, SÓISIALTA, IMSHAOIL AGUS EOLAÍOCHTA (OSIE)

Bíonn an bhéim san OSIE (stair, tíreolaíocht agus eolaíocht) ar **cheangal a dhéanamh idir an fhoghlaim agus timpeallacht an linbh.** Sa stair, músclaítear fiosracht an linbh faoin am atá caite trína **stair féin agus stair a m(h)uintire a fhiosrú**, mar shampla, trí éisteacht le scéalta faoi shaol a sean-tuismitheoirí agus iad óg. Sa tíreolaíocht agus san eolaíocht, tugann an timpeallacht áitiúil agus an timpeallacht níos faide ó bhaile neart deiseanna **d'imscrúduithe leanaí a chabhraíonn leo tuiscint a fháil ar an domhan** timpeall orthu agus aire a thabhairt dó. Baineann an leanbh **úsáid as scileanna imscrúdaithe** san OSIE cosúil le breathnú, ceistiú, imscrúdú agus turgnamh, meastachán agus tomhas, rangú, taifead agus cumarsáid agus mar sin bíonn an leanbh ag obair mar **eolaí, mar staraí, agus mar thíreolaí ón tús.**

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- labhairt leis an leanbh faoi imeachtaí tábhachtacha ina s(h)aol féin, e.g. an lá a rugadh é/í, an uair a tháinig sé/sí abhaile ón ospidéal, na chéad choiscéimeanna a ghlac sé/sí, an lá a tháinig an chéad fhiacail amach

- cabhrú leis an leanbh na hathruithe sna séasúir agus an chaoi a dtéann siad sin i bhfeidhm ar an aimsir agus ar bheatha phlandaí agus ainmnithe a thabhairt faoi deara mar shampla, na cineálacha éadaí a chaithimid sa gheimhreadh/sa samhradh, bachlóga ag teacht chun cinn san earrach, duilleoga ar na crainn sa samhradh

- plé a dhéanamh ar cad a tharlaíonn nuair a dhéantar rudaí a théamh nó a fhuarú, agus cad iad na rudaí a leánn agus a reonn, mar shampla, uachtar reoite, im, seacláid, uisce agus oighear.

Faisnéis do thuismitheoirí

Na naíonáin bheaga agus mhóra 3

OIDEACHAS EALAÍON

Tugann na trí ábhar seo, na hamharcealaíona, an ceol agus an drámaíocht, deiseanna do leanaí **scileanna ealaíonta agus cruthaitheacha a fhorbairt** trí bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla, e.g. tarraingt, péinteáil, tógáil, spraoi drámata, amhránaíocht, bualadh bos nó na fuaimeanna a dhéanann uirlisí éagsúla ceoil a fhiosrú. Spreagann an chuid seo den churaclam an leanbh chun **éisteacht** le ceol, chun **breathnú ar** ealaín agus chun **freagairt a thabhairt ar** léiriú drámata daoine eile sa rang, mar aon le hobair leanaí níos sine agus daoine fásta.



Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- rithimí na n-amhrán is mó a thaitníonn leis an leanbh a chanadh, nó bualadh bos a dhéanamh leo, agus an leanbh a spreagadh chun amhráin nua a d'fhoghlaim sé/sí ar scoil a roinnt leat
- bailiúchán sean-éadaí agus hataí a choimeád ar féidir iad a úsáid le haghaidh gléasadh suas
- cartáin fholmha, boscaí, páipéar, criáin, péinteanna, taos súgartha, pinn, pinn luaidhe, gliú, sean-éadaí etc. a bhailiú chun go mbeidh an leanbh in ann tabhairt faoi rudaí cruthaitheacha.

CORPOIDEACHAS

Is breá le leanaí gníomhaíochtaí fisiceacha de gach sórt. I ranganna na naíonán cabhraíonn an corpoideachas leis an leanbh foghlaim conas na gluaiseachtaí a smachtú agus a fhorbairt, conas comhoibriú le daoine eile. Foghlaimíonn sé freisin scileanna tábhachtacha sóisialta, scileanna cosúil le rudaí a roinnt, bheith ag brath ar dhaoine eile agus obair bhuíne. Foghlaimíonn an leanbh faoi na treonna eagsúla ar bhealach taitneamhach, rud a chabhróidh leis/léi a b(h)ealach a dhéanamh timpeall na scoile agus a chabhróidh leis arís nuair a bheidh sé ag léamh agus ag scríobh. Beidh do leanbh páirteach i ngníomhaíochtaí éagsúla fisiceacha ar nós:

- Lúthchleasa (rith, léim agus caitheamh)
- Damhsa (foghlaim faoi dhamhsa, damhsa a chruthú agus a dhéanamh)
- Gleacaíocht (cothromaíocht, gluaiseacht i dtreonna éagsúla agus gluaiseacht le trealamh ar nós rabhlaithe agus mataí)
- Cluichí (láimhseáil liathróide, ciceáil, an liathróid a iompar agus a bhualadh agus cluichí simplí clóis)
- Gníomhaíochtaí faoin aer agus gníomhaíochtaí eachtraíochta (siúl, treoracha a leanúint agus conairí simplí a leanúint).[1]

Trí na gníomhaíochtaí seo **baineann an páiste taitneamh as a bheith gníomhach agus feiceann sé/sí go bhfuil tábhacht léi**. Spreagann an corpoideachas an leanbh chun a bheith gníomhach go nádúrtha.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- an leanbh a spreagadh chun imirt le bréagáin a chabhróidh leis/léi forbairt fhisiceach a dhéanamh, mar shampla, bréagáin tógála, taos súgartha
- an leanbh a spreagadh chun bheith gníomhach, mar shampla, bheith ag siúl, ag rith, ag léim agus ag imirt cluichí. Spreag an leanbh chun féachaint ar ghníomhaíochtaí áitiúla spóirt nó páirt a ghlacadh iontu. Cabhróidh siad leis a thuiscint gur duine den phobal áitiúil é/í féin.

[1] I ngníomhaíochtaí uisce foghlaimíonn leanaí faoi shábháilteacht san uisce agus conas spraoi a bheidh acu san uisce agus na géaga agus na cosa a úsáid. Ag brath ar acmhainní na scoile, molann an curaclam deis a thabhairt do leanaí scileanna gluaiseachta a fhorbairt san uisce uair éigin le linn na bunscolaíochta..

Faisnéis do thuismitheoirí

OIDEACHAS SÓISIALTA, PEARSANTA AGUS SLÁINTE (OSPS)

Pléann Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) le **forbairt phearsanta, le sláinte agus le folláine an linbh**. Foghlaimíonn leanaí **conas aire a thabhairt dóibh féin, conas plé le daoine eile agus conas meas a bheith acu orthu, agus conas déileáil le mothúcháin éagsúla.** Cabhraíonn sé leis na leanaí a thuiscint go bhfuil siad **freagrach as na rudaí a dhéanann siad.** Tá **an tOideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)** – mar chuid den OSPS. Is cuid thábhachtach d'fhorbairt gach linbh í seo. Tá beartas OCG ag **gach scoil** agus leagtar amach ann na rudaí a mhúinfear san OCG agus cathain a thabharfar isteach ábhar ar leith.

I ranganna na naíonán cabhraíonn an Curaclam OSPS leis an leanbh:

- foghlaim conas aire a thabhairt dó/di féin,
- scileanna bunúsacha sláinteachais a fhoghlaim mar shampla, lámha a ní roimh ithe
- bheith neamhspleáchas e.g. a c(h)óta nó a b(h)róga féin a chur air/uirthi
- taithí a fháil ar na rudaí nua go léir a bhaineann le saol na scoile, mar shampla, ag sealaíocht agus ag roinnt rudaí le daoine eile.

Cabhraíonn an OSPS leis na leanaí spéis a chur san éagsúlacht i measc daoine agus meas a bheith acu air. Foghlaimíonn siad conas caidreamh a dhéanamh le daoine eile go béasúil. Diaidh ar ndiaidh tuigeann siad gur dhuine de phobal na scoile agus de phobal an cheantair iad, agus cabhraíonn sé seo leo aire a thabhairt don timpeallacht sa bhaile agus níos faide ó bhaile. Cuireann siad eolas freisin ar na meáin eolais éagsúla.

Is féidir leat chabhrú le foghlaim do pháiste sa bhaile trí:

- labhairt leis an leanbh faoi mhothúcháin agus cabhrú leis/léi mothúcháin a aithint agus a ainmniú agus a thuiscint go bhfuil sé ceart go leor mothúcháin éagsúla a bheith aige/aici faoi rudaí éagsúla
- an leanbh a spreagadh chun aire a thabhairt dó/di féin agus dá c(h)uid rudaí féin sa bhaile agus ar scoil mar shampla, a lámha a ní roimh ithe, a c(h)óta féin a chrochadh, a b(h)osca lóin féin agus a b(h)réagáin a chur i dtaisce
- nósanna sláintiúla itheacháin a chothú trí lón sláintiúil a thabhairt dó/di ag dul ar scoil agus ag amanna béilí. Is é an bricfeasta an béile is tábhachtaí toisc go gcuireann sé tús sláintiúil le lá an linbh.

Iarr ar an múinteoir ranga an bhfuil bealaí eile ann inar féidir leat cabhrú leis an leanbh foghlaim sa bhaile agus é/í sna naíonáin bheaga agus mhóra. Labhair le tuismitheoirí eile faoi na rudaí a dhéanann siad siúd ag an mbaile leis na leanaí.

Faisnéis do thuismitheoirí